Polasaí Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta(OCG)

Coláiste Íde

Réamhráiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile i 2011 agus déanadh athbhreithniú air i 2014

Scóp

Baineann an polasaí seo le gach gné do mhúineadh agus foghlaim faoi caidrimh agus gnéasacht.
Baineann an polasaí seo le foireann na scoile, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, an Bord Bainistíochta agus aoi chainteoirí.

Gaol le Ráiteas Misin & Éiteas na Scoile

Tá dlúthcheangal idir an cód seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde 'sa Ráiteas Misin. Cuireann Coláiste Íde timpeallacht foghlamtha sábhálta agus eagraithe ar fáil a chabhraíonn le hoideachas an duine ina iomláine chun meas ar a chéile a chothú i measc baill phobail uile na scoile.

Is é príomh aidhm na scoile ná "forbairt an duine ina iomláine". Is é an brí atá leis seo ná, forbairt ar gach gné de shaol an duine – sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtiúl, aeistéitiúil, fisiciúil, morálta. Tá sé mar aidhm againn na daltaí a ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa sochaí.

Réasúnaíocht

Is gné é gnéasacht(a) do fhorbairt pearsanta agus sóisialta an duine. Cuirtear teachtaireachtaí éagsúla os comhair daoine óga maidir le gnéasacht agus gníomhaíocht gnéasach. Ta sé de dhualgas ar scoileanna, i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí, beartú ar conas is fearr an oideachas cuí a chur ar fáil dos na daltaí.
De réir An Acht Oideachais 1998 tá sé de dhualgas ar scoileanna forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fail dóibh.
De réir *Cuid 4 do Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna*, caithfidh scoileanna polasaí OCG agus clár oiriúnach OCG a bheith i bhfeidhm ó bhliain a haon go dtí an séú bliain. Bíonn OCG mar chuid den chlár OSPS sa Timthriall Sóisearach.
Ta sé de dhualgas ar an scoil na ciorcláin M4/95, M20/96, M22/00, M11/03, M27/08, M23/10 agus M37/10 a chur i bhfeidhm.

Aidhmeanna ár gclár Oideachais Chaidrimh agus Gnéis

- Cabhrú le daltaí cairdis agus caidrimh a thuiscint agus a fhorbairt
- Tuiscint ar ghnéasacht a chur chun cinn
- Meon dearfach a chothú faoi ghnéasacht an duine féin agus i gcaidrimh le daoine eile.
- Eolas agus meas a chothú maidir le hatáirgeadh
- A chur ar chumas daltaí meonta agus luachanna a fhorbairt faoin ngnéasacht i dtimpeallacht morálta, spioradálta agus sóisialta a thagann le beartas na scoile
- Deiseanna a chur ar fail do dhaltaí chun foghlaim faoi chaidrimh agus faoi ghnéasacht ar bhealaí a chabhraíonn leo smaoineamh agus gníomhú ar bhealach morálta, comhbhách agus freagrach.

Aithnítear gur mian aidhmeanna iad na haidhmeanna seo i gcúrsa nach maireann ach tréimhse theoranta.

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhú agus tá foireann uile na scoile freagrach as an bpolasaí a chur i ngníomh

Tuismitheoirí

Aithníonn an scoil ról na dtuismitheoirí i bhforbairt agus feidhmiú an pholasaí. Is iad na tuismitheoirí príomh oideachasóirí a gcuid leanaí agus creideann an scoil go bhfuil a ról siúd in oideachas maidir le caidrimh agus gnéasachta fíorthábhachtach.
Is féidir le tuismitheoirí teacht ar leabhrán eolais maidir le cúrsaí caidrimh agus gnéasachta ón mBord Sláinte.
Cuirfear cóip den polasaí seo ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí ar shuíomh idirlíon na scoile, cuirfear litir faoi OCG go dtí tuismitheoirí na scoláirí nua (*Aguisín 1*)

- Dé réir An Acht Oideachas 1998 is féidir le tuismitheoirí a leanbh a tharraingt siar as an gclár(as an rannóg mothálach den chlár) OCG nó i gcás go bhfuil an dalta os cionn 18 is féidir leo tarraingt siar as an gclár
- Más mian le tuismitheoir/caomhnóir a hiníon a tharraingt siar ón gclár ba cheart é sin a chur i scríobhann go dtí an scoil ag tús na bliana
- Ní gá do thuismitheoirí cúis a thabhairt maidir lena leanbh a tharraingt siar as an gclár, ach fáiltímid rompu é sin a dhéanamh-uaireanta, is féidir linn míthuiscintí a réiteach. Nuair a dhéanann tuismitheoir iarratas dalta a tharraingt siar, ní mór cloí leis an iarratas sin nó go n-aisghaireann an tuismitheoir an t-iarratas.
- Déantar beagán plé ar ábhair cosúil le ró dhaonra agus breithrialú in ábhair cosúil le Tíreolaíocht agus Oideachas Reiligiúnach. Ós rud é go mbíonn an plé teoranta agus taobh istigh de chomhthéacs an ábhair, níl sé mar chuid den chlár OCG.

Comhairle a thabhairt

Is é feidhm na scoile ná oideachas ginearálta a chur ar fáil faoi chúrsaí agus saincheisteanna gnéis agus ní comhairle, eolas ná comhairleoireacht aonair a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann le hiompar gnéis agus frithghiniúint – ach déanfar foinsí maidir le heolas agus comhairle ghairmiúil a sholáthar nuair is cuí. Ba choir go mbeadh an comhairle oiriúnach d'aois an dalta.

Ceisteanna Neamhbhalbha

B'fhéidir nach mbeadh sé oiriúnach déileáil le ceisteanna neamhbhalbha áirithe sa rang. Is féidir le múinteoirí a rá nach bhfuil sé oiriúnach déileáil leis an gceist sin ag an am. Má bhíonn imní ar mhúinteoir faoi cheist a ardaítear ba choir dó/di comhairle a lorg ón bPríomhoide. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh aige/aici maidir lenar choir nó nár choir ceisteanna a fhreagairt, ba choir don mhúinteoir smaoineamh ar aois agus ullmhacht na ndaltaí, inneachar an chláir OCG, éiteas na scoile agus an beartas OCG.

Rúndacht

Is é polasaí na scoile ná gur cheart don mhúinteoir labhairt leis an bPríomhoide (DLP/PIA) láithreach, má cheaptar go bhfuil dalta i mbaol mí-úsáide d'aon chineál nó ag sárú an dlí. Déanfaidh an Príomhoide cinneadh ar choir na tuismitheoirí agus/nó údaráis chuí ar an eolas, agus d'fhéadfadh sé comhairleoireacht a eagrú don dalta. (*Féach chomh maith ar Pholasaí Um Chosaint Leanaí- Coláiste Íde)*

Sa chás go ndéantar eolas mhothálach a roinnt, tá sé tábhacht a mheabhrú don dalta

- Nach féidir le múinteoirí rúndacht iomlán a ghealladh
- Gur féidir aon ábhar a chur faoi bhráid an Phríomhoide agus b'fhéidir tuismitheoirí má shocraíonn an Príomhoide gur ar mhaithe leis an dalta a bheadh sé rud mar sin a insint do thuismitheoirí
- Go gcaithfidh an múinteoir a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir lenar féidir scéal a choinneáil faoi rún i ndiaidh dóibh an t-eolas a chloisteáil
- Go gcaithfidh an múinteoir é a chur in iúl go soiléir do dhaltaí cinneadh a dhéanamh ansin an leanfaidh nó nach leanfaidh sí ar aghaidh ansin.

An deighilt idir gnéithe bitheolaíochta agus neamh-bitheolaíochta d'oideachas gnéasachta

Is é polasaí na scoile ná go ndéileálann an Roinn Eolaíochta go príomha leis na gnéithe bitheolaíochta a bhaineann le hatáirgeadh.

Úsáid a bhaint as aoichainteoirí agus daoine eile

Is é polasaí na scoile ná formhór an chláir OCG a phlé go hoscailte le múinteoirí a aithníonn na daltaí agus a bhfuil muinín acu astu. Is féidir le cuairteoirí caighdeán an tsoláthair a fheabhsú chomh fad is go n-úsáidtear iad i dteannta le clár pleanáilte OCG, ní ina ionad.
Cuirfear cóip den pholasaí OCG seo agus Aguisín 2 ar fáil don chuairteoir.

Homaighnéasacht

Ní chuireann múinteoirí aon stíl mhaireachtála amháin chun cinn thar aon cheann eile, agus mar sin tá sé nádúrtha go bpléifí homaighnéasacht i rith chláir ghnéis. Ceann de na buntáistí ná an deis tuairimí agus bonn tuisceana bréagach a cheartú agus aghaidh a thabhairt ar chlaontacht. Ba choir go mbeadh plé ar homaighnéasacht oiriúnach d'aois na daltaí.

Frithghiniúint

Déileálfar leis an ábhar seo ar bhealach oscailte, atá oiriúnach d'aois na ndaltaí, agus breathnófar ar gach taobh de na ceisteanna ar bhealach neamh-threorach.

Riachtanais Speisialta

D'fhéadfadh go dteastódh cabhair breise ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu chun gnéithe fisiciúla agus mothúchánacha de chúrsaí an tsaoil a láimhseáil: d'fhéadfadh go mbeadh cabhair bhreise de dhíth orthu chun foghlaim faoin gcineál iompair atá oiriúnach agus mí oiriúnach, agus chun iad a chur ar an airdeall faoi mhí-úsáid ó dhaoine eile agus a bheith ullmhaithe dó sin.

Tacaíocht, forbairt agus athbhreithniú leanúnach

Oiliúint: Ní gá gur 'saineolaithe' ar na hábhair a bhíonn I gceist a bheadh múinteoir a bhíonn páirteach san obair seo. Ní mór dóibh, áfach, a bheith tuisceanach do riachtanais an ghrúpa, a bheith ábalta ceisteanna a láimhseáil go hoscailte.

Nóta breise

Léiríonn torthaí an taighde gur beag an éifeacht atá ag na curanna chuige seo a leanas agus go n-oibríonn siad in aghaidh feidhmithe éifeachtaigh an OSPS. Ina fhianaise seo, moltar do scoileanna na curanna chuige seo a leanas a sheachaint:

Bearta scanraithe

Ní cuí an t-eolas atá ina chúis scanraithe, ná an áiféis i dtaobh droch-thorthaí, agus tá siad fritorthúil.

Idirghabhálacha spreagthacha

Ní cuí idirghabhálacha a thugann cuntas mealltach nó corraitheach ar iompraíocht rioscúil agus féadann siad daltaí a spreagadh chun rioscaí a thógáil go mí-chuí.

Teistiméireachtaí

Féadann scéalta a dhíríonn ar stíleanna beatha dainséaracha san am atá caite daltaí a spreagadh chun na hiompraíochta arbh é a cosc ba chuspóir leo, trí laochra a dhéanamh díobh siúd a thugann an teistiméireacht sin.

Idirghabhálacha le heolas amháin

Is beag an toradh foghlama gur féidir a theacht as cláir nach bhfuil bunaithe ach ar eolas amháin agus féadann siad bheith fritorthúil, fiú, sa chaoi ina dtéann siad i gcion ar luachanna, meon agus iompraíocht.

Eolas nach bhfuil aois-oiriúnach
Féadann eolas a thugtar do dhaltaí faoi iompraíocht nach dócha go mbeidh siad gafa léi bheith fritorthúil sa tionchar a bhíonn aige ar luachanna, meon agus iompraíocht.
Idirghabhálacha aon uaire/gearrthéarma
Níl éifeacht le hidirghabhálacha gearrthéarma, bídís pleanáilte nó mar fhreagairt ar ghéarchéim.
Iompraíocht rioscúil i measc daoine óga a normálú
Má thugtar le tuiscint do dhaoine óga, go díreach nó go hindíreach, go bhfuil a gcuid piaraí go léir gafa le/go mbeidh siad gafa le hiompraíocht rioscúil, féadfaidh sin brú a chur orthu rudaí a dhéanamh nach ndéanfaidís marach sin.
Curanna chuige teagascacha
Níl éifeacht le curanna chuige nach dtugann ach teagasc agus treoir i bhfeidhmiú ceart an OSPS.

Tuilleadh Eolais
Tá eolas, comhairle agus tacaíocht le fáil ón tSeirbhís Tacaíochta OSPS atá mar chomhpháirtíocht idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus an Feidhmeannas Seirbhísí Sláinte i gcomhar le hInstitiúid Oideachais Marino.
Seirbhís Tacaíochta OSPS (Iar-bhunoideachas) Teil: (01) 805-7718
Institiúid Oideachais Marino Faics: (01) 853-5113
Ascal Uí Ghríofa R-phost: sphe@mie.ie
BAC 9. Suíomh gréasáin: www.sphe.ie

Aguisín 1

A Thuismitheoir / Caomhnóir dhil,

Beatha agus Sláinte. Is mian liom a chur in iúl go mbeidh ar údaráis na scoile an Clár Oideachais Caidrimh & Gnéasach a chur ar fáil do gach rang as seo amach. Is cuid de chlár Oideachas Sláinte, Sóisialta agus Pearsanta é do ranganna an Teastais Shóisearaigh agus mar Chlár Oideachais Caidrimh agus Gnéasach do ranganna na hÁrdteiste. (Ciorclán 0027 / 2008 An Roinn Oideachais & Eolaíochta)

Muna mian leat go bhfreaslódh d'iníon ar an gcuid sin den gclár is féidir an fhoirm iniata a líonadh agus é a sheoladh ar ais chun na scoile. *(Ní gá é a líonadh má tá thugann tú cead di freastal ar na ranganna sin)*

Dear Parent /Guardian,

Beatha agus sláinte. I wish to inform you that we are now obliged to cover the Relationships & Sexuality Education Programme as part of the Social Personal and Health Programme at Junior Cycle level and as a Relationships & Sexuality Education Programme at Leaving Certificate level. (Ref Circular 0027/ 2008 Department of Education and Science)

If you ***do not wish*** your daughter to attend this class please fill out the enclosed form and return to the school. *(There is no need to return this form if you give her permission to attend)*

Ní thugaim cead dom' iníon …….freastal ar na ranganna Oideachais Caidrimh & Gnéasach
Síniú …….. Dáta ……

I ***do not give*** my daughter …….. permission to attend the Relationship and Sexuality classes
Signed …….Date……..

Aguisín 2

Cuairteoirí ar Iarbhunscoileanna: Treoirlínte

Más mian le scoileanna an curaclam OSPS/OCG a leathnú nó a fhairsingiú trí fáilte a chur roimh cuairteoirí ar an seomra ranga caithfidh critéir chruinn a bheith i bhfeidhm. Féadann éascaitheoirí a chuireann leis an gclár OSPS/OCG ról luachmhar a imirt ag forlíonadh, ag comhlíonadh agus ag tacú le clár pleanáilte, cuimsitheach, bunaithe OSPS/OCG. Is ceart do chuairteoir, nó grúpa cuairteoirí, ar bith dá leithéid, cloí leis na treoirlínte dea-chleachtais atá leagtha amach sa Lámhleabhar OSPS, Alt 7 agus atá coimrithe leis seo:

• Is ceart go mbeadh cuairteoirí ar an seomra ranga nó ar an scoil, go háirithe iad siúd atá ag gabháil go díreach le mic léinn, ar an eolas faoi pholasaithe ábhartha scoile, an polasaí cosanta leanaí ag an scoil, an polasaí OCG agus an polasaí faoi Chosc ar Mhí-úsáid Substaintí san áireamh. Ullmhaítear cuairt ar bith dá leithéid go cúramach roimh ré de réir an chláir/na gclár agus na bpolasaithe ábhartha uile scoile OSPS/OCG.

• Bíodh cainteanna/cláir a sheachadann áisíneachtaí nó cainteoirí seachtracha comhsheasmhach le agus comhlántach d'éiteas agus clár OSPS/OCG na scoile. Is ceart cuairteanna a phleanáil, agus taighde agus feidhmiú a dhéanamh orthu i gcomhar le foireann na scoile.

• Is ceart do mhúinteoirí ábhartha comhthadhaill le gach aon áisíneacht agus cuairteoir seachtrach atá ag obair sa scoil, agus bheith ag gabháil leo, agus is ceart don fhoireann uile a bheith ar an eolas fúthu.

• Moltar go láidir go rachfaí i gcomhairle le tuismitheoirí agus go gcuirfí ar an eolas iad i dtaobh cuairteora nó áisíneachta ar bith dá leithéid atá ag dul ag gabháil le daltaí i seomraí ranga/scoileanna.

• Féadann comhordaitheoir OSPS/OCG na scoile chomh maith cabhrú leis an bpróiseas pleanála agus comhordaithe scoile uile chun tacú le feidhmiú éifeachtach an OSPS/OCG.

• Is den lán tábhacht é go bhfanfadh múinteoirí ranga sa seomra ranga leis na mic léinn agus ról lárnach a bheith acu i seachadadh croí-ábhair an chláir OSPS/OCG. Agus an múinteoir ranga i láthair bheifí ag súil le bheith cinnte go gcloífeadh an scoil le nósanna imeachta cuí chun déileáil le ceist(eanna) ar bith a thiocfadh chun cinn mar thoradh ar na hionchuir seachtracha.

• Baineadh na cláir agus na himeachtaí uile atá á gcur i láthair ag cuairteoirí agus áisíneachtaí seachtracha feidhm as modheolaíochtaí cuí atá ar bhonn fianaise agus torthaí soiléire oideachasúla acu. Is inmholta go gcuirfidís siúd na cláir i láthair atá cáilithe go sainiúil chun oibriú le daoine óga a ceapadh na cláir sin dóibh.

• Is ceart go measúnódh mic léinn agus múinteoirí na cláir, na hidirghabhálacha agus na himeachtaí go léir ag tabhairt aird dóibh ar ábhar, teachtaireachtaí, struchtúr, modheolaíocht agus torthaí foghlama a mholtar.